Comhairle Chontae Liatroma
Leitrim County Council

Ceangal
Clár den Chomhairle Oidhreachta
A Heritage Council programme

# Plean Oidhreachta Liatroma

2026 – 2031




www.leitrim.ie



Sketch commissioned by Leitrim County Council





# Clár na nÁbhar

Foreward from Cathaoirleach and Chief Executive .................. 04
Foreward from the Heritage Council .................. 07
Leitrim's Heritage .................. 08
Introduction .................. 09
Heritage Forum .................. 09
What's Your Leitrim Heritage? Public Consultation .................. 10
Leitrim Heritage Plan: National Context .................. 11
Leitrim Heritage Plan: Local Context .................. 12
Heritage Plan Implementation and Funding .................. 13
Objectives .................. 15
Appendix 1 .................. 20
Appendix 2 .................. 21

# Réamhrá ón gCathaoirleach agus ón bPríomhfheidhmeannache

Tá an-áthas orainn an Plean Oidhreachta nua do Chontae Liatroma a chur i láthair. Seo an tríú Plean Oidhreachta do Chontae Liatroma agus cuireann sé creat i bhfeidhm chun dul chun cinn a dhéanamh maidir lenár n-oidhreacht a chaomhnú agus a chur i láthair.

Mar thoradh ar an oidhreacht uathúil atá againn, is áit tharraingteach í Liatroim chun gnó a dhéanamh inti agus spreagann sí cuairteoirí as Éirinn agus ó thíortha eile le cuairt a thabhairt ar an gcontae seo againne. Leis an bplean oidhreachta seo, forbraímid an creat chun feasacht a mhúscailt faoin acmhainn luachmhar seo agus glacaimid na céimeanna atá riachtanach chun í a chaomhnú agus a chosaint. Leanfaimid orainn de bheith i mbun taighde, caomhnaithe, ag bainistithe ó thaobh ár n-oidhreachta tógtha, nádúrtha agus cultúrtha de. Anuas air sin, déanfaimid an oidhreacht sin a chur chun cinn agus a chur i láthair.

Thar ceann Chomhairle Contae Liatroma, ba mhaith linn buíochas a ghabháil le baill Fhóram Oidhreachta Liatroma as a gcuid oibre agus as an bplean nua seo a ullmhú. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil freisin leis na daoine ar fad a ghlac páirt sna comhairliúcháin phoiblí agus a roinn a gcuid smaointe, tuairimí agus mianta chun cabhrú le múnlú an phlean. Ba mhaith linn buíochas a ghabháil leis an gComhairle Oidhreachta as an tacaíocht a thug siad dúinn le roinnt blianta anuas. Bhí an tacaíocht sin riachtanach maidir le cur i bhfeidhm an Phlean Oidhreachta a bhí ann roimhe seo, agus táimid ag tnúth le leanúint ar aghaidh de bheith ag forbairt seirbhísí oidhreachta sa Chontae le tacaíocht leanúnach uathu.



**Joseph Gilhooly**,
Príomhfheidhmeannach,
Comhairle Contae Liatroma



**An Clr Mary Bohan**,
Cathaoirleach,
Comhairle Contae Liatroma

*Leitrim's heritage is a vital asset – shaping our communities, supporting our economy and strengthening our sense of place*



## Heritage Plan Aim

To Honour the People of Leitrim through a Celebration of their Unique Heritage.





# Réamhrá ón gComhairle Oidhreachta



**An Dr Martina Moloney**,
Cathaoirleach,
An Chomhairle Oidhreachta



**Virginia Teehan**,
Príomhfheidhmeannach na
Comhairle Oidhreachta

Is cúis áthais dúinn fáilte a chur roimh Phlean Oidhreachta Chontae Liatroma, 2026–2031. Is éacht suntasach agus tráthúil atá sa phlean seo. Tá suntas ag baint ní hamháin leis an uaillmhian atá ann ach leis an struchtúr atá aige, a thugann le fios gur contae é seo a bhfuil meas mór aige ar a thírdhreach uathúil cultúrtha agus nádúrtha.

Ábhar spreagtha ar leith is ea an cur chuige cuimsitheach i leith na hoidhreachta atá ag Comhairle Contae Liatroma. Leis an gcur chuige seo, tugtar aitheantas don chaoi a mbíonn acmhainní nádúrtha, tógtha agus cultúrtha ar fad ag brath ar a chéile. Léirítear tuiscint dhomhain ann ar an nasc a bhíonn ag daoine lena dtimpeallacht, agus an meas a bhíonn acu air mar léiriú beoga ar fhéiniúlacht, cuimhne agus áit.

Tá an Chomhairle Oidhreachta ag tacú le fada an lá leis an gcur chuige comhtháite seo i leith na hoidhreachta in Údaráis Áitiúla. Thosiagh an tacaíocht seo le Líonra Oifigeach Oidhreachta na nÚdarás Áitiúil i 1999 agus tháinig fás air nuair a tugadh isteach Oifigigh Bithéagsúlachta, Cartlannaithe agus Oifigigh Chaomhnaithe Ailtireachta. I dteannta a chéile faoin gClár Ceangal atá againn, cruthaíonn siad bunchloch láidir le haghaidh seirbhís oidhreachta atá comhtháite agus a bhíonn ag breathnú chun tosaigh.

Táimid bródúil a bheith in ann tacaíocht a thabhairt do chontae Liatroma leis an iliomad clár atá againn, an clár Uchtála Séadchomhartha ina measc. Faoin gclár sin, roghnaíodh an eaglais agus an reilig stairiúil i gCill Bhríde i dtuaisceart Chontae Liatroma le déanaí. Cuireann an clár seo saineolas, meantóireacht agus tacaíocht ar fáil don phobal chun cabhrú leo a n-oidhreacht áitiúil a chosaint, a chaomhnú agus a chur chun cinn.

Ba mhaith linn aitheantas a thabhairt do na grúpaí pobail, na heagraíochtaí oidhreachta agus na saineolaithe a ghlac páirt i múnlú an phlean oidhreachta seo. Tugann ionchur na ndaoine sin fuinneamh dó agus cinntíonn sé go mbíonn sé bunaithe ar thosaíochtaí áitiúla.

Is ábhar mórtais dúinne é gur thug muid tacaíocht d'fhorbairt an phlean seo agus molaimid Comhairle Contae Liatroma as a ceannaireacht ina leith. Tugaimid aitheantas ar leith don obair iontach atá déanta ag Oifigeach Oidhreachta Liatroma, Sarah Malone.

Tá an Chomhairle Oidhreachta ag tnúth le tacú le Comhairle Contae Liatroma, leis an bhFóram Oidhreachta, agus leis an bpobal i gcoitinne agus an plean uaillmhianach seo á thabhairt chun críche.

## Aidhm an Phlean Oidhreachta

Chun ómós a thabhairt do mhuintir Liatroma trí cheiliúradh a dhéanamh ar a nOidhreacht Uathúil.



*Rich in living traditions, where knowledge is shared, communities connect and heritage is still part of everyday life*

# Oidhreacht Liatroma

Is éard atá i gceist lenár n-oidhreacht gnéithe den am atá thart a bhfuil luach againn orthu san am i láthair agus a roghnaímid a thabhairt ar aghaidh do na glúnta atá le teacht. I Liatroim, tá ár n-oidhreacht múnlaithe ag caidreamh na ndaoine leis an tírdhreach agus ag a dteaghlaigh agus a bpobail.

Tá an t-ádh linn i Liatroim go bhfuil an oiread sin caomhnóirí iontacha againn a iompraíonn eolas a n-oidhreachta agus a gcleachtais thraidisiúnta agus a thugann an t-eolas sin ar aghaidh chuig an gcéad ghlúin eile. Bíonn sé seo ag tarlú i Liatroim i gcónaí, rud a fhágann go bhfuil sé saibhir ó thaobh an traidisiúin chultúrtha bheo agus ó thaobh spiorad an phobail de sa chaoi is go mbíonn comharsana fós ag bualadh isteach chuig tithe a chéile agus ag stopadh chun labhairt lena chéile chun an t-am a mheilt.

Tá tírdhreach tuaithe atá ilghnéitheach agus fíor-álainn ann i Liatroim. Is é an rud is suntasaí faoi leath thuaidh an Chontae ná na sléibhte a bhfuil cruth boird orthu agus na gleannta oighreacha. Anuas air sin, tá an stráice cósta is giorra in Éirinn ann agus é 3 mhíle ar fhad. Agus sa leath theas den Chontae tá tírdhreach droimníní ísealchríche ann chomh maith le líonra lochanna agus abhainn mhór na Sionainne. Tá an tírdhreach uathúil seo tar éis suíomh agus leagan amach ár sráidbhailte agus ár mbailte a mhúnlú agus acmhainní a sholáthar dár n-oidhreacht thionsclaíoch. Bhí tionchar aige freisin ar na suíomhanna ina bhfaighfear séadchomharthaí seandálaíochta ann, agus tugann sé an meascán de ghnáthóga nádúrtha atá ann dúinn, gnáthóga a thacaíonn le feirmeoirí agus muintir na tuaithe sa chontae seo againne.

Tá sé mar aidhm ag cuspóirí agus gníomhartha an Phlean Oidhreachta seo aitheantas a thabhairt do chaomhnóirí Oidhreacht Liatroma agus tacú leo agus spreagadh a thabhairt do na glúnta níos óige ár n-oidhreacht chultúrtha, thógtha agus nádúrtha uathúil a chothú agus, tá súil againn, an t-eolas agus an grá dá n-oidhreacht a thabhairt ar aghaidh do na glúnta atá le teacht.

# Réamhrá

Leagtar amach i bPlean Oidhreachta Liatroma clár oidhreachta Chomhairle Contae Liatroma don Chontae don chéad sé bliana eile, atá le seachadadh i gcomhpháirtíocht le grúpaí agus gníomhaireachtaí. Seo an tríú Plean Oidhreachta do Chontae Liatroma, a chlúdaíonn an tréimhse 2026-2031 agus is gealltanas é ó Chomhairle Contae Liatroma oidhreacht Liatroma a chur chun cinn agus a chosaint. Tá an plean seo ullmhaithe ag Comhairle Contae Liatroma le cúnamh ó Fhóram Oidhreachta Liatroma agus i gcomhairle le baill den phobal agus le páirtithe leasmhaire áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta a bhfuil suim acu in oidhreacht an Chontae. Cuirfidh Oifigeach Oidhreachta Liatroma, atá sa ról sin ó 2018, an plean i gcrích. Tá an ról seo mar chuid de líonra na nOifigeach Oidhreachta Contae in Údaráis Áitiúla ar fud na tíre, atá maoinithe agus tacaithe i bpáirt ag an gComhairle Oidhreachta. Is é fís na Comhairle Oidhreachta go bainfidh an pobal taitneamh as an luach atá leis an oidhreacht atá againn, go ndéanfar í a bhainistiú agus a chosaint mar gheall ar an mbaint ríthábhachtach atá aige lenár bhféiniúlacht, lenár bhfolláine agus leis an méid atá amach romhainn sa todhchaí.

# An Fóram Oidhreachta

Is grúpa comhairleach neamhreachtúil é an Fóram Oidhreachta a bhunaigh Comhairle Contae Liatroma chun comhairle a chur ar fáil faoi ullmhú agus cur i bhfeidhm an Phlean Oidhreachta Contae. Tá ballraíocht den Fhóram Oidhreachta comhdhéanta d'ionadaithe tofa, d'fhoireann Chomhairle Contae Liatroma, d'ionadaithe pobal agus d'eagraíochtaí a bhfuil suim acu i gcúram agus i gcosaint na hoidhreachta i gContae Liatroma, nó atá freagrach as an gcúram sin. Is féidir liosta de Chomhaltaí an Fhóraim a fheiceáil in Aguisín 1.

*A six-year commitment to protect, promote and manage Leitrim's heritage through partnership and collaboration*





*Education, engagement and promotion emerged as clear priorities from the people of Leitrim*

## Arbh as Liatroim do Shinsir? Comhairliúchán Poiblí

I gcomhar leis an bhFóram Oidhreachta, cuireadh próiseas fairsing comhairliúcháin phoiblí ar bun agus bhí tionchar aige sin ar an bPlean Oidhreachta. Reáchtáladh comhairliúchán poiblí dar teideal 'Arbh as Liatroim do shinsir?' thar thréimhse sé seachtaine agus áiríodh leis suirbhé ar líne, preasráiteas, fógra nuachtáin agus feachtas meán sóisialta inar cuireadh fáilte roimh aighneachtaí. Fuarthas 78 aighneacht san iomlán ó bhaill den phobal agus tá na haighneachtaí seo mar bhonn leis an bplean seo. Tá go leor saincheisteanna ann a tháinig chun cinn arís is arís eile i gceardlann an Fhóraim Oidhreachta agus sa chomhairliúchán poiblí araon agus is féidir glacadh leis go measann an Fóram Oidhreachta agus an pobal áitiúil gur saincheisteanna tosaíochta iad seo ar cheart aghaidh a thabhairt orthu sa Phlean Oidhreachta. Ba iad Oideachas, Rannpháirtíocht agus Cur chun Cinn na príomhthéamaí a tháinig chun cinn ó cheardlanna an Fhóraim Oidhreachta agus ón gcomhairliúchán poiblí araon.


Tá gach céim d'fhorbairt an Phlean Oidhreachta leagtha amach in Aguisín 2.

## Plean Oidhreachta Liatroma: An Comhthéacs Náisiúnta

Bíonn an tábhacht a bhaineann leis an oidhreacht i mbeartas náisiúnta ag dul i méid i gcónaí mar gheall ar an luach atá leis ó thaobh na heacnamaíochta, agus ó thaobh na turasóireachta de agus mar gheall ar an spreagadh a thugann sé don fhorbairt tuaithe agus uirbeach araon.

Mar thoradh air seo, tá tábhacht na hoidhreachta á haithint i mbeartas agus i dtionscnaimh rialtais cosúil le hOidhreacht Éireann, 2030, an Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Bhithéagsúlacht, Éire Ildánach agus go leor eile. Bíonn tionchar díreach ag na beartais náisiúnta seo ar chúrsaí oidhreachta i Liatroim agus bíonn tionchar acu freisin ar bheartas ag leibhéal an Chontae trí Phlean Forbartha Chontae Liatroma agus Plean Eacnamaíoch agus Pobail Áitiúil Liatroma. Is doiciméad tábhachtach é Plean Straitéiseach na Comhairle Oidhreachta, 2023-2028, dar teideal 'Ár nÁit sa Stair', maidir le hoidhreacht ag an leibhéal náisiúnta agus an leibhéal áitiúil araon. Leagtar amach ann fís chuimsitheach maidir le caomhnú agus bainistíocht na hoidhreachta in Éirinn agus athdhearbhaítear tiomantas na Comhairle Oidhreachta oibriú i gcomhpháirtíocht leis na hÚdaráis Áitiúla maidir le cosaint na hoidhreachta.

*Heritage is increasingly recognised as a driver of tourism, well-being and sustainable development*



# Plean Oidhreachta Liatroma: An Comhthéacs Áitiúil

Leagtar amach i bPlean Corparáideach Chomhairle Contae Liatroma 2024-2029 fís na Comhairle don chéad tréimhse cúig bliana eile a chinnteoidh gur áit bhríomhar agus inbhuanaithe a thugann deiseanna do chách a bheidh i Liatroim i gcónaí. Is creat straitéiseach é ina mbeidh Comhairle Contae Liatroma ag feidhmiú agus tá roinnt gníomhartha tosaíochta ann chun oidhreacht nádúrtha, thógtha agus chultúrtha Liatroma a chosaint, a chaomhnú agus a fheabhsú.

Leagtar amach i bPlean Forbartha Chontae Liatroma 2023-2029 an creat maidir le húsáid talún agus forbairt inbhuanaithe an chontae don tréimhse 2023-2029. Tá beartais agus cuspóirí i bPlean Forbartha an Chontae maidir le hoidhreacht seandálaíochta, ailtireachta agus chultúrtha, amhail Struchtúir Chosanta, Limistéir Chaomhnaithe Ailtireachta agus seandálaíocht, i measc nithe eile. Tá sé mar aidhm ag an bPlean Oidhreachta seo tacú leis an bPlean Forbartha Contae agus le pleananna eile agus iad a neartú trí shonraí a sholáthar agus trí bheartas a mholadh a bhunaíonn treo beartais agus creat soiléir don oidhreacht i Liatroim agus a dhéanann é a chosaint, a chaomhnú, a bhainistiú agus a chur chun cinn.

Is treochlár cuimsitheach é Plean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Chontae Liatroma 2025-2030 atá dírithe ar bhithéagsúlacht shaibhir Chontae Liatroma a chaomhnú, a fheabhsú agus a cheiliúradh. Déanfar gníomhartha Oidhreachta Nádúrtha a sheachadadh tríd an bPlean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta. Beidh sé mar aidhm ag an bplean bithéagsúlacht a thaifeadadh, a chaomhnú, a athbhunú agus a chur chun cinn i gContae Liatroma go dtí deireadh thréimhse an phlean.

Plean Eacnamaíoch agus Pobail Áitiúil Liatroma (LECP) 2023-2029: Tá an Plean Eacnamaíoch agus Pobail Áitiúil (LECP) ullmhaithe ag an gCoiste Forbartha Pobail Áitiúil (LCDC) i gcomhar le Comhairle Contae Liatroma. Is é sainchúram an LCDC agus an LECP forbairt eacnamaíoch, áitiúil agus pobail a chur chun cinn sa Chontae. Beidh an LECP mar chreat straitéiseach do na cláir forbartha áitiúla, eacnamaíocha agus pobail uile a mhaoinítear go poiblí.

*Heritage underpins local planning, biodiversity, economic development and community well-being*





# Cur chun Feidhme agus Maoiniú an Phlean Oidhreachta

Is plean 6 bliana é an Plean Oidhreachta seo ina bhfuil 32 gníomh agus beidh sé mar bhunús do chlár oibre na hOifige Oidhreachta agus an Fhóraim Oidhreachta. Gach bliain déanfar clár oibre a dhréachtú bunaithe ar ghníomhartha an phlean. Éascófar cur i bhfeidhm Phleananna Oidhreachta an Chontae go páirteach trí Chiste Pleananna Oidhreachta na Comhairle Oidhreachta, agus leagtar síos sa Phlean Oidhreachta seo an creat atá ann do Chomhairle Contae Liatroma chun iarratas a dhéanamh ar an gciste seo. Déanann Comhairle Contae Liatroma cómhaoiniú ar an leithdháileadh bliantúil maoinithe ón gComhairle Oidhreachta.

Tá roinnt foinsí maoinithe eile ar fáil freisin do thionscadail a bhaineann le cúrsaí oidhreachta, amhail maoiniú ó Éire Ildánach, agus úsáidfear iad chun na gníomhartha atá sa Phlean Oidhreachta seo a chur i gcrích. Beidh cur i gcrích na ngníomhartha a shonraítear sa phlean seo ag brath ar na hacmhainní airgeadais atá riachtanach a bheith ar fáil, agus déanfaidh an tOifigeach Oidhreachta iarracht réamhghníomhach foinsí maoinithe ábhartha a aithint ina leith seo. Ina theannta sin, féadfaidh páirtithe leasmhaire an Fhóraim Oidhreachta agus eagraíochtaí ábhartha eile a bheith freagrach as cur i gcrích gníomhartha éagsúla.

*A practical, action-focused plan supported by partnerships and targeted funding*

Sketch commissioned by Leitrim County Council





## Cuspóirí

1. Daoine Aonair agus Grúpaí a spreagadh chun páirt a ghlacadh i dTionscnaimh Oidhreachta

2. Feasacht agus Meas ar Oidhreacht Liatroma a Chur Chun Cinn

3. Tacú le Bailiú agus Scaipeadh Sonraí Oidhreachta

4. Tacú le Caomhnú agus Bainistíocht Oidhreacht Liatroma



Sketch commissioned by Leitrim County Council



*Heritage engagement thrives when communities, generations and volunteers are actively involved.*

## Daoine Aonair agus Grúpaí a spreagadh chun páirt a ghlacadh i dTionscnaimh Oidhreachta

Rud atá i gcroílár an phlean seo is ea spreagadh a thabhairt do dhaoine páirt ghníomhach a ghlacadh i gcúrsaí oidhreachta i gContae Liatroma. Léirigh an comhairliúchán poiblí gur fearr le daoine go mór go mbeadh páistí scoile agus seanóirí rannpháirteach agus go reáchtálfaí tionscadail idirghlúine. Tacóidh na gníomhartha atá sa Phlean Oidhreachta leis an líonra tiomanta, láidir agus gníomhach de ghrúpaí pobail, d'oibrithe deonacha agus d'eagraíochtaí sa chontae páirt a ghlacadh i gcúrsaí oidhreachta agus beidh siad ina spreagadh do ghníomhaíocht chomhpháirtíochta chun bainistíocht agus cosaint na hoidhreachta a fheabhsú agus rannpháirtíocht phobail ann a leabú.

### Gníomhartha:

- Deiseanna a chur ar fáil do dhaoine aonair agus do ghrúpaí araon páirt a ghlacadh i dtionscadail oidhreachta.
- A chinntiú go meallfaidh tionscnaimh oidhreachta daoine ó gach glúin.
- Rannpháirtíocht ghníomhach a spreagadh i dtionscadail oidhreachta roghnaithe trí chur chuige eolaíochta saoránach.
- Tacú le tionscnaimh Turasóireachta Oidhreachta Inbhuanaithe.
- Deiseanna maoinithe a chur chun cinn do dhaoine aonair, do ghrúpaí oidhreachta áitiúla agus do phobail le haghaidh tionscnamh oidhreachta tógtha, nádúrtha agus cultúrtha.
- Tacú le grúpaí pobail agus oidhreachta chun tionscadail oidhreachta a phleanáil agus a reáchtáil.
- Bealaigh nuálacha a chruthú chun daoine a mhealladh le bheith páirteach i gcúrsaí oidhreachta trí chlár Éire Ildánach.
- Úsáid acmhainní oidhreachta san oideachas a chur chun cinn, go háirithe an Scéim Oidhreachta i Scoileanna agus pacáistí oideachais oidhreachta áitiúla.







## Feasacht agus Meas ar Oidhreacht Liatroma a Chur chun Cinn

Thug an Fóram Oidhreachta agus an comhairliúchán poiblí araon tús áite do fheasacht a mhúscailt faoi Oidhreacht Liatroma. Beidh sé mar aidhm ag na gníomhartha sa phlean seo tábhacht ár n-oidhreachta tógtha, nádúrtha agus cultúrtha a chur in iúl chun feasacht agus meas a mhúscailt i measc gach páirtí leasmhar. Cuideoidh cumarsáid éifeachtach faoi thábhacht na hoidhreachta le feasacht, tuiscint, meas, taitneamh, tacaíocht agus cosaint an phobail i leith oidhreacht Liatroma a mhéadú.

### Gníomhartha:

- Acmhainní ar líne a fhorbairt don oidhreacht sa Chontae.
- Acmhainní litríochta de réir téama a fhorbairt ar oidhreacht an Chontae.
- Imeachtaí agus tionscnaimh oidhreachta a chur chun cinn agus a éascú i gcomhthráth le tionscnaimh oidhreachta náisiúnta amhail Seachtain na hOidhreachta.
- Leanúint ar aghaidh d'fhorbairt a dhéanamh ar an tsraith podchraoltaí Connecting Through Heritage chun cuimhní cinn na ndaoine a bhfuil cónaí orthu i Liatroim agus saineolaithe oidhreachta a thaifeadadh.
- Leanúint ar aghaidh d'fhorbairt a dhéanamh ar an tsraith YouTube Connecting Through Heritage chun tionscadail oidhreachta agus gnéithe uathúla d'oidhreacht Liatroma a thaispeáint.
- Eolas faoi thionscadail oidhreachta a chur ar fáil agus a scaipeadh tríd an rannóg Oidhreachta ar shuíomh gréasáin Chomhairle Contae Liatroma.
- An Ghaeilge a chur chun cinn sa Chontae agus ceapachán Oifigeach Gaeilge a lorg.
- Bailte stairiúla agus láithreáin oidhreachta sa chontae a chur chun cinn trí threoracha oidhreachta fionnachtana i bhfoirm dhigiteach/chlóite.
- Clár bliantúil a fhorbairt chun feasacht a mhúscailt agus tuiscint a fheabhsú maidir le cúrsaí oidhreachta i gContae Liatroma.

*Promote Awareness and Appreciation*

# Cuspóir 3

## Tacú le Bailiú agus Scaipeadh Sonraí Oidhreachta


Tá sé mar aidhm ag an gcuspóir seo an bonn eolais maidir le hoidhreacht chultúrtha agus thógtha a fheabhsú agus a leathnú agus aghaidh a thabhairt ar bhearnaí eolais. Tacóidh na gníomhartha le taighde acadúil, suirbhéanna bonnlíne agus bailiú sonraí ar ár n-oidhreacht thógtha agus chultúrtha, agus déanfaidh siad iad a choimisiúnú, rud is gá chun cur chuige atá bunaithe ar fhianaise i leith bainistíocht na hoidhreachta agus treoir maidir le dea-chleachtas a chur ar fáil. Ní hamháin go gcuirfidh an t-ábhar a bhaileofar feasacht agus cosaint chun cinn maidir leis na suíomhanna seo ach is féidir é a úsáid chun iad a chur i láthair freisin.

### Gníomhartha:

- Suirbhéanna agus staidéir ar ghnéithe d'oidhreacht Liatroma nach bhfuil mórán staidéir déanta orthu a choimisiúnú.
- Iniúchadh oidhreachta a choimisiúnú ar bhailte agus sráidbhailte stairiúla Liatroma
- Tionscadal píolótach a chur ar bun chun suirbhé a dhéanamh ar ainmneacha páirceanna sa Chontae agus iad a thaifeadadh.
- Tionscadal faoi Reiligí Stairiúil a chur ar bun sa Chontae.
- Suirbhé a choimisiúnú ar thoibreacha naofa sa Chontae, ina mbeidh na nósanna agus na leigheasanna a bhaineann leo san áireamh.
- Staidéar a choimisiúnú ar ailtireacht dhúchasach Liatroma.
- Suirbhé a dhéanamh ar oidhreacht chultúrtha dholáimhsithe Liatroma agus í a chur chun cinn. I measc na nithe a bheidh i gceist le seo tá seanchas, an stair shóisialta, logainmneacha agus béaloideas.

*Good heritage management begins with strong evidence and shared knowledge*





*Protecting heritage today ensures it can be enjoyed tomorrow*

# Cuspóir 4

## Tacú le Caomhnú agus Bainistiú Oidhreacht Liatroma

Tá cosaint agus caomhnú na hoidhreachta lárnach sa phlean seo. Cuirfimid dea-chleachtas chun cinn maidir le caomhnú na hoidhreachta agus cuirfimid comhairle ar fáil chun a chinntiú go gcosnófar í amach anseo. Beidh sé mar aidhm againn tacú le cosaint agus bainistíocht níos fearr ar Oidhreacht Liatroma trí chumas na hEarnála Oidhreachta i Liatroim a mhéadú.

### Gníomhartha:

- Feasacht a mhúscailt i measc úinéirí talún maidir le hacmhainní oidhreachta tógtha agus dea-chleachtas a chur chun cinn.
- Tionscnaimh mhaoinithe oidhreachta a chur chun cinn i measc úinéirí príobháideacha agus grúpaí pobail.
- Tacú le ceapachán Oifigeach Caomhnaithe chun freastal ar na héilimh ar sheirbhísí oidhreachta na nÚdarás Áitiúil.
- A bheith ag obair leis na húdaráis reachtúla chun cumarsáid a dhéanamh faoi chosaint suíomhanna oidhreachta tógtha agus nádúrtha chomh maith leis an gcosaint sin a chur chun cinn d'fhonn cabhrú leis na suíomhanna seo a chosaint.
- Eolas a chur ar fáil d'úinéirí Struchtúr Cosanta faoi scéimeanna maoinithe a thacaíonn le caomhnú na timpeallachta stairiúla, lena n-áirítear an Scéim Infheistíochta don Oidhreacht Thógtha agus an Ciste Struchtúr Stairiúil.
- Ciste na Séadchomharthaí Pobail a chur chun cinn i measc úinéirí agus grúpaí pobail chun caomhnú séadchomharthaí seandálaíochta a spreagadh.
- Beartais a bhaineann le hoidhreacht a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm laistigh de Phleananna Forbartha agus Pleananna Corparáideacha reatha Chontae Liatroma chomh maith le pleananna a bheidh ann amach anseo.
- Comhairle agus treoir a thabhairt do phobail, d'úinéirí agus d'áititheoirí, d'úinéirí talún, d'fhoireann na comhairle agus do fhorbróirí maidir le cúram agus caomhnú oidhreachta agus suíomhanna oidhreachta.

# Aguisín 1

**Baill Fhóram Oidhreachta Liatroma**

| | |
|---|---|
| **An Clr Justin Warnock** | Ball Tofa, Comhairle Contae Liatroma |
| **An Clr Cormac Flynn** | Ball Tofa, Comhairle Contae Liatroma |
| **An Clr Eddie Mitchell** | Ball Tofa, Comhairle Contae Liatroma |
| **An Clr Paddy O'Rourke** | Ball Tofa, Comhairle Contae Liatroma |
| **An Clr Gary Prior** | Ball Tofa, Comhairle Contae Liatroma |
| **An Clr Ita Reynolds Flynn** | Ball Tofa, Comhairle Contae Liatroma |
| **Mary Quinn** | Stiúrthóir Seirbhísí, Comhairle Contae Liatroma |
| **Bernard Greene** | Pleanálaí Sinsearach, Comhairle Contae Liatroma |
| **Pio Byrnes** | Pleanálaí Sinsearach Feidhmiúcháin, Comhairle Contae Liatroma |
| **Sarah Malone** | Oifigeach Oidhreachta, Comhairle Contae Liatroma |
| **Rebeccah Cogan** | Oifigeach Bithéagsúlachta, Comhairle Contae Liatroma |
| **Mary Conefrey** | Leabharlannaí Léinn Áitiúil, Comhairle Contae Liatroma |
| **Ashling Cartwright** | Comhlacht Forbartha Liatroma |
| **Hubert McMorrow** | Earnáil na Turasóireachta, Cluainín |
| **Kim Taylor** | Cumann Staire Mhaothail |
| **Gerry Creamer** | Cumann Staire Chluainín |
| **Patricia O'Loughlin** | Líonra Rannpháirtíochta Poiblí, Grúpa Oidhreachta Dhroim Dhá Thiar |
| **Seán O Súilleabháin** | Líonra Rannpháirtíochta Poiblí, Glór Bhéal an Átha Móir |
| **Tamlyn McHugh** | An tSeirbhís Náisiúnta Séadchomharthaí |
| **Sarah Jane Halpin** | An tSeirbhís Náisiúnta um Oidhreacht Thógtha |
| **Shane Kilrane** | Teagasc |
| **Martina McCarthy** | Uiscebhealaí Éireann |
| **David Fitzpatrick** | Oifig na nOibreacha Poiblí |
| **Emma Timoney** | Oifig na nOibreacha Poiblís |
| **Siobhan McGowan Loughlin** | Oifig na nOibreacha Poiblí |
| **Sarah McCarthy** | Fáilte Éireann |



# Aguisín 2

**Amchlár le haghaidh Phróiseas Athbhreithnithe Phlean Oidhreachta Liatroma**

**04 Márta 2025**
An chéad chruinniú den Fhóram Oidhreachta ina raibh ceardlann ar thosaíochtaí an Phlean Oidhreachta ar siúl mar chuid de. Cathaoirleach Ainmnithe (An Clr Justin Warnock).

**02 Aibreán 2025**
Seoladh comhairliúchán poiblí réamhphlean 6 seachtaine dar teideal 'Arbh as Liatroim do shinsir?'

**Meitheamh 2025**
Athbhreithniú agus tiomsú ar na torthaí ó cheardlann Fhóram na hOidhreachta agus ar thorthaí an chomhairliúcháin phoiblí.

**16 Meán Fómhair 2025**
Ceardlann an Fhóraim Oidhreachta chun athbhreithniú a dhéanamh ar thosaíochtaí agus gníomhartha a scríobh don Phlean Oidhreachta.

**Deireadh Fómhair 2025**
Dréachtphlean Oidhreachta a ullmhú agus é a chur faoi bhráid na Foirne Bainistíochta Sinsearaí le hathbhreithniú a dhéanamh air.

**Nollaig 2025**
Dréacht-Phlean Oidhreachta a chur faoi bhráid an Choiste um Beartas Straitéiseach um an Timpeallacht Fhisiceach.

**Feabhra – Márta 2026**
Comhairliúchán poiblí 4 seachtaine faoin Dréachtphlean Oidhreachta.

**Bealtaine 2026**
An Dréachtphlean Oidhreachta a chur faoi bhráid Chomhaltaí Tofa Chomhairle Contae Liatroma.



## Le tuilleadh eolais a fháil, déan teagmháil le:

Oifigeach Oidhreachta
Comhairle Contae Liatroma
Áras an Chontae
Cora Droma Rúisc
Co. Liatroma

**Teileafón:** (071) 9620005

**Ríomhphost:** smalone@leitrimcoco.ie

www.leitrimheritage.ie

Comhairle Chontae Liatroma
Leitrim County Council

Ceangal
Clár den Chomhairle Oidhreachta
A Heritage Council programme

Sketch commissioned by Leitrim County Council